Polasaí um Úsáid

Ghutháin Phóca

Gaelsoil Naomh Pádraig

Teideal

Polasaí Um Usáid Gutháin Phóca

Ráiteas Tosaigh

Cuireadh tús leis an bpolasaí seo ag an gcruinniú foirne ar an 27.11.2018. Bhí an fhoireann teagaisc ar fad rannpháirteach ann. Rinne baill den FBI athbhreithniú ar an bpolasaí seo le linn na scoilbliana 2018-2019 agus cuireadh os comhair na foirne é ar an 15.1.19 chun aiseolas a lorg. Cuireadh an polasaí seo faoi bhráid Chumann na dTuistí ar an 15.1.19

Réasúnaíocht

Cuireadh Polasaí Um-Usáid Gutháin Phóca le chéile ag an am seo mar:

- Aithníonn an fhoireann gur féidir le gutháin phóca cur isteach ar dhaoine ag aon am i scoileanna ach go háirithe sa chómhthéacs seo.
- Mar chúlra don pholasaí seo, tá níos mó deacrachtaí agus dúshláin ag baint le gutháin phóca de bharr forbairt leanúnach na teicneolaíochta - ón am a cuireadh ceamara/aipeanna iontu ach go háirithe.
- Má tá fón póca ag páistí ar scoil, tá an baol ann nach mbeidh siad ag díriú ar a gcuid oibre scoile.
- Má úsáidtear gléasanna den tsaghas seo ar bhealach mí-chuí, tá an féidireacht ann go gcuirfidh sé le fadhbanna bulaíochta agus bulaíocht ar-líne.

Gaolmhaireacht le hÉiteas sainiúil na scoile

Cuireann Gaelscoil Naomh Pádraig fáilte roimh gach páiste mar dhuine aonarach agus ‘sé ár bhfís dóibh ná a dtréithe agus a mbuanna dúchasacha a aithint agus a fhorbairt, a bhfiosracht agus a spéis san fhoghlaim a mhúscailt agus a bhféiniúlacht a cheiliúradh i suíomh spreagtha gaelaigh.

Beifear ag súil nach gcuirfeadh gutháin phóca isteach ar dhalta ar bith agus iad ag freastal ar Ghaelscoil Naomh Pádraig.

Tá sé tábhachtach go mbeadh comhoibriú iomlán idir an fhoireann, tuismitheoirí agus daltaí na scoile chun an polasaí seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

Treoirlínte (ábhar an bheartais)

D’aontaigh an fhoireann teagaisc, mar ghnáth cleachtais nach mbeadh cead ag na daltaí gutháin phóca a bheith acu ar scoil.

Tabharfaidh an scoil aghaidh ar dheacrachtaí a d’fhéadfaí teacht aníos mar atá luaite thíos:

- Má tá daltaí sa scoil a bhfuil sé riachtanach dóibh gutháin phóca a bheith leo ar scoil le riachtanais shonracha ag am sonrach beidh ar thuismitheoir an dalta litir foirmeálta a scríobh ag míniú go soiléir an fáth atá leis an riachtanas seo agus déanfaidh an príomhoide an cás a phlé.

- Má thugann daltaí gutháin phóca chuig an scoil gan cead, múchfar an gutháin, tógfar an guthán uathu agus fágfar an guthán faoi ghlas in oifig an phríomhoide. Ansin cuirfear glaoch ar an tuismitheoir/nó litir abhaile. Beidh ar thuismitheoir an dalta teacht chun an guthán a bhailiú ón scoil.

- Ní mholann an Bord Bainistíochta (agus iarraimid ar thuistí gan é a mholadh) go dtabharfaí guthán póca ar scoil ar an mbonn go mbíonn siad luachmhar agus d'fhéadfaí go ngoidfí nó go gcaillfí iad. I gcás go gceadaítear agus go dtugann dalta guthán póca isteach ar scoil, caithfear é a mhúchadh chomh luath agus a bhíonn siad ar shuíomh na scoile (Ní leis an fuaim amháin múchta).

- Níl cead ag daltaí guthán póca a úsáid i rith am scoile. Caithfidh an dalta an guthán a chuir i dtaisce go daingean agus i módh discréideach. Ní ghlacann an scoil freagracht ar bith do ghuthán póca caillte nó goidte ar thalamh na scoile nó ar thurasanna taobh amuigh den scoil.

- Má úsáideann páiste ar bith guthán póca nó gléas ar bits gur féidir griangraif a ghlacadh nó fís/guth a thaifead orthu, taobh istigh de thalamh na scoile, ar thuras scoile nó ag imeacht scoile, nó má thugann sé/sí cluiche leictreonach ar scoil, bainfear an guthán/ cluiche uathu láithreach. Múchfar an gléas/guthán, cuirfear tuistí ar an eolas agus beidh orthu an guthán a bhailiú ón oifig.

- Má bhíonn cás ann go bhfuil guthán/ceamara mí-úsáidte sa scoil, cuirfear an Cód Iompair i bhfeidhm.

- Cuirfear litir abhaile chun an polasaí seo a mhíniú do na tuismitheoirí.

- Níl coinníollacha speisialta ann nuair a cheadaítear iad a úsáid. Bíonn gutháin phóca ag múinteoirí nuair a fhreastalaíonn páistí ar thurais, cluiche srl le teagmháil a dhéanamh leis an scoil i gcás timpistí srl.

- Ba chóir go mbeadh gutháin phóca na foirne múchta nuair a bhíonn siad i mbun ranga ach amháin i gcásanna eisceachtúla a bhaineann le gnó scoile.

Dáta le haghaidh Chur i nGníomh

Tiocfaidh an beartas athbhreithnithe seo i bhfeidhm ag tús na scoilbliana 2018 - 2019.

Clár-ama Athbhreithnithe

Rinneadh athbhreithniú ar an bpolasaí seo i Mí Eanáir 2019. Pléadh an polasaí seo le foireann teagaisc na scoile agus Cumann na dTuismitheoirí. Cuireadh os comhair an bhoird (Feabhra 2019) Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo arís i rith na scoil bliana 2022 - 2023.

Daingniú agus Cumarsáid

Dhaingnigh an Bord Bainistíochta an beartas seo go hoifigiúil ar an 5/2/19. Tá an polasaí seo ar fáil ar shuíomh na scoile (www.gsnp.ie).